

**Ár dTimpeallacht
Logainmneacha
Inniu agus Amárach**

Liam Mac Mathúna

Coiscéim

© Liam Mac Mathúna

An Chéad Chl6 1990

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

arna fhoilsiú ag
COISCÉIM,
127 Br. na Trá,
Dumhach Trá
Baile Átha Cliath 4.

Faigheann Coiscéim cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Clóchur DCPE

Clár

Feidhm na logainmneacha	1
An dinnseanchas	4
An tSuirbhéireacht Ordanáis	7
Taighde	11
Dúshlán na huaire	13
An staid oifigiúil	13
Na heastáit nua tithíochta	16
Treoir oifigiúil	18
Cur chuige cuimsitheach de dhíth	20
Trí easnamh mhóra	21
Nótaí	23

Ár d'Timpeallacht Logainmneacha Inniu agus Amárach

Feidhm na logainmneacha

Is iad na logainmneacha an lúb lárnach sa slabhra a cheanglaíonn an pobal lena dtimpeallacht fhisiciúil. Cabhraíonn siad leis an gcine daonna chun eolas agus aithne a chur ar an tírdhreach ar dhá phríomhshlé dhifriúla:

(i) trí na heilimintí iontu a dhíríonn aird ar ghnéithe comónta ar leith, ar nós *cnoc, sliabh, gleann, abhainn, loch, inis nó oileán* agus a liacht gné aiceanta eile, agus

(ii) trí na hainmneacha aonair a thagraíonn d'áiteanna áirithe ar leith, ar nós

Cnoc Bréanainn i gContae Chiarraí,

Sliabh na mBan i gContae Thiobraid Árann,

Gleann Dá Loch i gContae Chill Mhantáin,

Abhainn na Life a shníonn trí Chontae Bhaile Átha Cliath,

Loch nEathach, a dtagann teorainneacha cúig contaetha le chéile ann, mar atá, Contae Aontrama, Contae an Dúin, Contae Ard Mhacha, Contae Thír Eoghain agus Contae Dhoire,

Loch Súilí i gContae Dhún na nGall,

Inis Meáin ar chósta Chontae na Gaillimhe, agus

An tOileán Tiar, nó *An Blascaod Mór* i gContae Chiarraí.

Ar ndóigh, is gnéithe fisiciúla nó aiceanta amháin atá luaite anseo go fóill mar bhunús na logainmneacha. Roghnaítf eilimintí na n-ainmneacha as an ngréasán focal a thagraíodh do thaobh tíre ag gach tréimhse ar leith de chuid na teanga. Ach is minic a bhaintí feidhm as logainmneacha den bhunús topagrafach seo chun tagairt d'ionad cónaithe a bunaíodh in aice leo. Cuirim i gcás na hainmneacha atá anois againn ar chuid de na cathracha is tábhachtaí sa tír:

Baile Átha Cliath agus Duibhlinn: Síolraíonn *Duibhlinn*, foinse *Dublin*, an leagan Béarla d'ainm na hardchathrach, ón "linn dhubh" a bhí san áit a raibh gairdín an Chaisleáin

níos déanaí. Lochán dorcha a bhí gearrtha amach ag tarraingt na taoide ar Abhainn na Life a bhí sa linn dhubh seo. Is anseo a théadh an *Poitéal* nó an *Poddle* isteach in Inbhear na Life. Cé gur anseo, de réir dealraimh, a thóg na Lochlannaigh a longfort cáiliúil sa bhliain 841 a.d., bhí mainistir den ainm céanna, *Duibhlinn*, tógtha ag na Gaeil sa cheantar céanna i bhfad roimhe sin. Bhí na Gaeil i mbun *Áth Cliath* roimh theacht na Lochlannach, leis. Is amhlaidh a tháinig ceithre cinn de na príomhbhealaí taistil le chéile ag an "áth" a bhí cóngarach do Dhroichead an Athar Maitiú sa lá inniu. Chaití "cliatha" agus eile ar ghrinneall na habhann sa samhradh chun ainmhithe a thiomáint ó thaobh go taobh, gan a gcrúba a bheith ag greamú sa phluda thíos.

Is dócha gur fiú a lua gur faoin mbliain 1368 a.d. atá an chéad tagairt in *Annála Uladh* do *Baile Átha Cliath* seachas do *Áth Cliath*. Tá sé le tabhairt faoi deara go raibh *Baile* ag éirf níos coitianta i logainmneacha le cúpla céad bliain roimhe sin.

Corcaigh: Is féidir glacadh leis gurb ionann *Corcaigh* agus an tuiseal tabharthach, uimhir uatha, den fhocal "corcach" a chiallaigh "riasc" nó "talamh íseal bog".

Luimneach: Áit lom aimrid is bunbhrí le *Luimneach* agus an focal "lom" féin mar dhlúthchuid de.

Gaillimh: Ainm na habhann ar a bhfuil an chathair tógtha atá againn in *Gaillimh*, agus tá bunús den saghas céanna le **Sligeach:** Ní foláir nó tá baint ag ainm na habhann seo le "slig-" i "sligeán", agus gur chuir an t-ainm síos ar phríomhthréith shuaitinseach na habhann, dar le daoine sa seansaol.

Doire: "Coill dara" a chiallaíonn sé seo.

Béal Feirste: Ciallaíonn "béal" "inbhear" nó "oscailt chun na farraige" agus is é "feirste" an tuiseal ginideach, uimhir uatha, de "fearsaid", arb ionann é agus "banc gainimh, áth" trasna an chuain ag béal an Lagáin, Loch Lao (nó Belfast Lough) sa chás seo.

Ar ndóigh, féadann ainm a bhaineann go dlí leis an áitreabh féin a bheith ag ionad lonnaithe ó thosach. Cuirim i gcás an iliomad áiteanna a bhfuil *Baile* iontu. Tagraíonn *Lios*, *Ráth*, *Caiseal*, *Dún*, *Teach/Tigh/Stigh* d'áras nó d'áit chónaithe chomh maith.

Ach le himeacht na mblianta is amhlaidh a athraíonn teanga ar bith agus éiríonn an bhrí atá ag go leor de na logainmneacha doiléir. Cén duine againn a d'fhéadfadh a mhaíomh gurbh eol dó/di as a s(h)easamh - in éagmais taighde - cad é is ciall le *Eathach* in *Loch nEathach*, nó le *Súilí* in *Loch Súilí*? Bíodh go bhféadann an sfórathrú teanga dall sinn ar chúlra iomlán logainm tráth a chéadcheaptha, ní mór dúinn cuimhneamh air nach mbaineann an doiléire seo, beag ná mór, de chumas an logainm chun feidhmiú mar ainm a dhéanann tagairt d'áit áirithe ar leith. Thairis sin, féadann áiteanna áirithe éirí suaithinseach, sa tslí go leanann macalláí de shaghsanna éagsúla dá n-ainmneacha. Cuirim i gcás *Teamhair* is *Eamhain Mhacha*, ón tseanré pháigánach, agus *Caiseal* is *Cruach Phádraig* ón gcéadré Chríostaíoch.

Ar an gcuma chéanna leanann macalláí dá gcuid féin de *Loch Deirg*, *Cnoc Mhuire*, *Na Blascaodaí* agus *Páirc an Chrócaigh*, ní áiríonn *Lisdoonvarna* (Lios Dúin Bhearna), *Ballyunion* (Baile an Bhuinneánaigh) agus *Salthill* (Bóthar na Trá) abhus in Éirinn agus *Las Vegas*, *Lourdes*, *Samarkand* nó *Tahiti* thar lear. Címid mar sin go mbronnann an duine ainmneacha ar na gnéithe dá thimpeallacht a gcuireann sé tábhacht leo. Bíonn feidhm éigin reatha le logainmneacha ar bith atá in úsáid san am i láthair, ach féadann feidhmeanna eile a bheith ag gabháil de na hainmneacha céanna. Féadann siad tuiscintí ar ré eile a thabhairt chun cuimhne (faoi mar a dhéanann *Teamhair*, *Eamhain Mhacha* agus *Na Blascaodaí*), nó féadann siad taibhrimh i dtaobh idéil de shaghas amháin nó de shaghas eile a mhuscailt (*Cruach Phádraig*, *Loch Deirg* agus *Lourdes* ar thaobh amháin, *Las Vegas*, *Tahiti* agus *Lios Dúin Bhearna* ar an taobh eile, mar shampla).

An dinnseanchas

Bhí cuid mhór de seo tuigte ag ár sinsir a cheap ainmneacha ar thalamh na hÉireann an chéad lá agus a shaothraigh an *dinnseanchas* mar genre lárnach litríochta. Tá an focal "dinnseanchas" féin comhdhéanta de *dinn* a chiallaigh áit a bhí suaithinseach go fisiciúil nó go meafarach, "ard", "cnoc" nó a leithéid, agus de *seanchas*, atá bunaithe ar *sean*, *seancha* (atá le fáil san fhocal *seanchaí* chomh maith) agus a chiallaigh "stair". Mar sin, is é rud is brí le *dinnseanchas* ná an fhoirm litríochta a dheineadh cúram de na scéalta agus den stair a bhain le háiteanna suntasacha tábhachtacha. Cé go raibh an fhoirm litríochta seo in ard a réime le linn thréimhse na Meán-Ghaeilge (900-1250), is suimiúil go léir an n-é go bhfuil sé le fáil go láidir roimhe sin féin. Is amhlaidh a thagann an dinnseanchas chun cinn i mbéal na laochra agus ag barrphointe na seanshágaf féin.

Ní fheadar, ach b'fhéidir go samhlaítear an tsuim seo i logainmneacha leis na filí agus leis an lucht léinn amháin fadó. Ach cuireann Cú Chulainn féin suim iontu i bpríomhshaothar na Sean-Ghaeilge, *Táin Bó Cúailnge*, faoi mar a léiríonn an sliocht seo a leanas:

"Téann Cú Chulainn ar aghaidh ansin go dtí Loch Eachtra agus ní bhfuair siad aon duine rompu. Dúirt an t-ara (tiománaí an charbaid) le Cú Chulainn gur cheart dóibh dul go dtí Eamhain chun go bhfaighidís deoch ann.

'Ná téimis,' arsa Cú Chulainn. 'Cén sliabh é sin thall?' arsa Cú Chulainn.

'Sliabh Mondairm,' arsa an t-ara.

'Téimis go sroichimis é,' arsa Cú Chulainn.

Téann siad ansin agus shroicheadar é. Tar éis dóibh an sliabh a shroichint, d'fhiafraigh Cú Chulainn ansin:

'Cén carn geal é sin thall ar bharr an tsléibhe?'

'Fionncham,' arsa an t-ara.

'Cén machaire é sin thall,' arsa Cú Chulainn.

'Maigh Bhreagh,' arsa an t-ara.

Insíonn sé dó ainm gach príomhdhúin idir Theamhair agus Ceanannas. Insíonn sé dó ansin a n-iatha agus a n-áthanna, a n-áiteanna cáiliúla agus a n-áitribh, a ndúnta agus a n-arda daingnithe. Taispeánann sé dó leis dún trí mhac Neachta Scéine, .i. Fóill agus Fannall agus Tuaicheadh a n-ainmneacha."¹

Léiríonn an cuntas seo ar Chú Chulainn agus é ag lorg oiliúna i dtaobh na logainmneacha go raibh fonn mór ar an laoch óg eolas a chur ar a timpeallacht. Ba thábhachtai leis é sin a dhéanamh ná filleadh ar an mbaile in Eamhain Mhacha agus dul i mbun ólacháin, faoi mar a bhí á mholadh ag a thiománaí. Tá sé le tabhairt faoi deara chomh maith gur shuim le Cú Chulainn an timpeallacht fhisiciúil agus an timpeallacht shóisialta araon, is é sin, *sliabh* agus *maigh* nó *machaire* ar thaobh amháin, *carn*, *dún*, *fearann*, *áth*, *áit cháiliúil*, *áitreabh* agus *ard daingean* ar an taobh eile. Ar ndóigh, freagraíonn an leagan amach seo aige do réimse spéise an dinnseanchais féin, ní nach ionadh. Tá sé le tuiscint, áfach, gur shuim leis iarsmaí ó ré eile (*carn*, *áit cháiliúil*) chomh maith le príomhionaid chónaithe a linne féin.

Ansin, ag deireadh na Tána, tráth a mbeifí ag súil le comhrac an dá tharbha a bheith in uachtar, nó le Cú Chulainn féin a bheith ag teacht os ár gcomhair, ní ar cheachtar den dá ghné seo a dhírítear sa leagan de *Táin Bó Cúailnge* atá sa *Leabhar Laighneach*, ach ar bhunús scata breá logainmneacha:

"Níorbh fhada a bhí fir Éireann ann go luath an lá arna mhárach nuair a chonaic siad an Donn Chuailnge thar Cruachain aniar agus an Finnbeannach ina chnap millte ar a bheanna agus ar a adharca....

Tháinig an Donn Chuailnge. D'iompáigh sé a thaobh deas le Cruachain agus d'fhág cruach dá aenna ('liver') ann, agus is uaidh atá an t-ainm Cruachna Ae.

¹ Féach Cecile O'Rahilly (eag.), *Táin Bó Cúailnge. Recension I*, Dublin Institute for Advanced Studies, Baile Átha Cliath, 1976, línte 688-703.

Tháinig sé roimhe go bruach an Átha Mhóir agus d'fhág sé luan ('loins') an Fhinnbheannaigh ann, agus is uaidh atá an t-ainm Áth Luain.

Tháinig sé roimhe soir isteach i gcríoch na Mí go dtí Áth Troim gur fhág sé trom ('liver') an Fhinnbheannaigh ansin. Bhog sé a cheann go fiata agus chroith sé an Finnbeannach de ar fud na hÉireann. Chaith sé a lárac ('thigh') uaidh chomh fada le Port Láirge. Chaith sé a chliathach ('rib-cage') uaidh chomh fada le Duibhlinn a nglaoitear Áth Cliath air."²

Faoi mar is léir, tugtar mníú, mar shampla, ar *Ráth Cruachan* Mhébhe i gContae Ros Comáin, *Áth Luain* i gContae na hIarmhí, *Áth Troim* i gContae na Mí, *Port Láirge* agus *Áth Cliath*. Cé nach mbeadh aon aga anseo ar phlé a dhéanamh ar an modh mfnithe a úsáideann an t-údar chun bunús ainm a aimsiú, is léir go bhfuil an cur chuige aige bunaithe ar eachtraí agus ar cheangal éigin a bheith i gceist idir chonablach an tairbh bhoicht mhairbh (an Finnbeannach) agus ainmneacha áite áirithe. Is leor a lua gur ag iarraidh pátrúin a aimsiú a bheadh scoláirí an lae inniu. Scrúdófaí na hainmneacha go léir a bhfuil *Áth* iontu, cuirim i gcás, féachaint an bhfuil pátrún comónta i gceist. Ar an ábhar seo bheifí den tuairim inniu go bhfuil dealramh le ceangal a fheiscint idir bhaill de chorp an duine (agus ainmhithe, is dócha) agus gnéithe aiceanta den tírdhreach (m.sh. *ceann, mullach, grua, béal, droim, ucht, ára, gabhal, cos* agus *cnoc*). Ach is ar bhonn cosúlacht a bheith feicthe ag ár sinsir idir fhoirm na gné tíre agus an ball daonna a mhíneofaí é, ní mar thoradh ar chnámh áirithe ar leith a bheith caite in áit áirithe, nó a leithéid.

Leanadh de shaothrú an dinnsheanchais nó na logainmníochta i bhfilíocht na scol i ré na Gaeilge Clasaicí (nó na Nua-Ghaeilge Luaithe, 1250-1600) agus maireann tábhacht na n-ainmneacha áite sa traidisiún dúchais anuas go dtí ár linn féin.

² Féach Cecile O'Rahilly (eag.), *Táin Bó Cúalnge from the Book of Leinster*, Dublin Institute for Advanced Studies, Baile Átha Cliath, 1970, línte 4894-909.

An tSuirbhéireacht Ordanáis

Ach ar a shon sin is uile, ní haon oidhreacht shlán logainmneacha atá tagtha anuas chugainne, faoi mar is eol dúinn go maith. Is baolach go raibh impleachtaí polaitiúla choncas na Sasanach ag brú go mór ar an gcóras dúchasach ó bhriseadh Chionn tSáile sa bhliain 1601 amach. Bhí a leaganacha féin d'ainmneacha na hÉireann in úsáid ag na heachtrannaigh ó tháinig siad i leith go dtí an tír seo. Ach de réir mar a dhaingnigh siad a bhforlámhas ar thalamh na hÉireann sa 17ú céad bhunaigh siad a leaganacha Béarlaithe sa chóras dlí agus sa chóras riaracháin i gcoitinne. Chaith an dream a raibh an báire cailte go tubaisteach acu - na Gaeil - géilleadh do na rialacha nua. Ba é a ndícheall greim a choimeád ar sciar éigin dá seanshealús. Níor mhór dóibh aitheantas a thabhairt do na foirmeacha nua de logainmneacha a dtimpeallachta, agus, go deimhin, do leaganacha Gallda dá gcéadainmneacha agus dá sloinnte féin, dá ndéarfainn é! Tá dlúthcheangal stairiúil mar sin idir Ghalldú ainmneacha na hÉireann agus concas is coigistiú na talún faoin réimeas Gallda. Is amhlaidh a dhein na Gaeil a gcuid féin de na logainmneacha Béarlaithe nuair a thosaigh siad ar dhroim láimhe a thabhairt dá dteanga dhúchais agus an Béarla a ghlacadh chucu féin in áit na Gaeilge san 18ú céad agus sa 19ú céad.

Tuigfear, dá bhrí sin, nach féidir an milleán — nó an chreidiúint — i dtaobh chóras Béarlaithe na logainmneacha a chur i leith na Suirbhéireachta Ordanáis, scun scan. Ba chuid loighciúil d'obair a bhí ar bun le fada a bhí i saothar logainmníochta na Suirbhéireachta Ordanáis. Is ag iarraidh córas cánach (a bheadh "cothrom, cóir", ar ndóigh) a cheapadh a bhíofhas, chomh maith le léireolas ar leagan amach na tíre a bhreacadh do lucht údaráis. Cuimhnímis nach raibh a leithéid de scéim ar bun in aon chuid eile den "Ríocht Aontaithe" san am, agus gur shaighdiúirí a bhí i bhfeighil bhronnadh na honóra seo ar phobal na hÉireann. Bhí gnéithe dearfacha den scéal ann, leis, ar ndóigh. Bhí an ardaicme Angla-Éireannach ag cur suime i bpréamhacha staire na tíre seo le fada roimhe sin, agus thuigeadar go maith a lárnaí a bhí na foinsí

Gaeilge in aon fhiontar staire. Anuas air sin bhí fáil san am ar scoláirí cumasacha cúramacha den scoth, ar chainteoirí dúchais Gaeilge iad chomh maith. Ba iad sin Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí, go háirithe.

Chuathas i mbun obair pháirce chun teacht ar na leaganacha de na logainmneacha a bhí beo ar bhéala na ndaoine, go háirithe ar bhéala na gcainteoirí Gaeilge. Obair cheannródaíochta a bhí anseo agus cuireadh na torthaí i gcomparáid le fianaise na lámhscríbhinní dúchasacha. Ar an gcuma sin, thángthas ar bhunús na n-ainmneacha áite, chomh fada agus ab fhéidir sin. Os a choinne seo, áfach, is mar chineál eolais chúlra a d'fhan sé, mar bhí sé socair gur leaganacha Béarlaithe a ghreanfaí ar na léarscáileanna. Ar deireadh thiar, nforbh é Seán Ó Donnabháin a shocraíodh leaganacha deifnídeacha na n-ainmneacha ach a cheann Sasanach, Captain Thomas A. Larcom, Royal Engineers, a mhíngigh an modh oibre mar seo a leanas:

"In order to ascertain the correct names of places for the engravings, that they might become a standard of orthography as well as topography, numerous maps, records, and ancient documents were examined, and copious extracts made from them. In this manner a certain amount of antiquarian information has been collected relating to every place, parish, and townland in Ireland - more than 60,000; and the various modes of spelling them at different times has (sic) been recorded. When these investigations were complete, it was usual to send a person thoroughly versed in the Irish language to ascertain from the old people who still speak the language, what was the original vernacular name, and we then adopted that one among the modern modes of spelling which was most consistent with the ancient orthography, not venturing to restore the original and often obsolete name, but approaching as near to correctness as was practicable."³

³ *Report of the Commissioners Appointed to Inquire into the facts Relating to the Ordnance Memoir of Ireland*, Her Majesty's Stationery Office, Londain, 1844, lch 3.

Ar ndóigh, is ag plé leis an saothar logainmníochta seo atá dráma breá úd Bhrian Friel, *Translations*⁴. Ó tharla nach ionann na haidhmeanna a bheadh ag drámadóir agus ag staraí, ní mór dúinn cuimhneamh ar na gnéithe seo a leanas den scéal i dtaca le *Translations de*:

(i) Is amhlaidh a chuir an tSuirbhéireacht Ordanáis (1824-46) clabhsúr agus séala oifigiúil ar phróiseas a bhí ar bun ag údaráis Shasana ó thosach a réimis in Éirinn.

(ii) Litriú Béarla a dhéanann iarracht ar fhuaimniú na logainmneacha Gaeilge, faoi mar a thiochfaidís amach as béala Béarlóirí, is coitianta ar fad a bhí ag an tSuirbhéireacht, leithéidí

Cnoc Bán > Knockban

Droim Conrach > Drumcondra

Gaoth Dobhair > Gweedore,

seachas aistriúcháin, faoi mar a thuigfí ó Friel, leithéidí

Cnoc Bán > Fair Hill

Carraig an tSionnaigh > Foxrock

Tamhnaigh Naomh > Saintfield.

(iii) Glacann Friel leis, de réir dealraimh, go raibh an t-athrú teanga ó Ghaeilge go Béarla - agus an t-athrú i bhfoirm na logainmneacha a lean é - dosheachanta ar chuma éigin. Cuirim i gcás, cuireann sé an sliocht seo a leanas i mbéal Hugh, múinteoir na scoile scairte:

"But remember that words are signals, counters. They are not immortal. And it can happen - to use an image you'll understand - it can happen that a civilisation can be imprisoned in a linguistic contour which no longer matches the landscape of ... fact."⁵

Tá sé le tuiscint uaidh mar sin nach raibh - agus nach bhfuil - aon dul as ag Éireannaigh laistigh den sufomh cultúrtha polaitiúil ach ffricí chumhacht dhomhan an Bhéarla a aithint agus iompó ón nGaeilge ar an mBéarla. Ar ndóigh, tuigeadh do cheannairí an phobail a bhí suas le linn Dhúghlas de hÍde nár ghá gur mar sin a

⁴ Faber and Faber, Londain, 1981 srl.

⁵ op. cit., lch 34.

bheadh, go bhféadfadh pobal na hÉireann a bheith dátheangach agus buntáistí chultúr na Gaeilge a choimeád taobh ar taobh le húsáideacht an Bhéarla. Cé nár theastaigh uaidh géilleadh don status quo, níl aon dabht ann ach gur thuig Dúghlas de hÍde go maith na deacrachtaí a leanfadh Gaelú na logainmneacha chomh fada siar lena léacht cháiliúil, "The Necessity for De-Anglicising Ireland", a thug sé do The National Literary Society i mBaile Átha Cliath 25 Samhain, 1892, agus a spreag bunú Chonradh na Gaeilge bliain níos déanaí:

"On the whole, our place names have been treated with about the same respect as if they were the names of a savage tribe which had never before been reduced to writing, and with about the same intelligence and contempt as vulgar English squatters treat the topographical nomenclature of the Red Indians. These things are now to a certain extent stereotyped, and are difficult at this hour to change, especially where Irish names have been translated into English, like Swinford and Strokestown, or ignored as in Charleville or Midleton. But though it would take the strength and goodwill of an united nation to put our topographical nomenclature on a rational basis like that of Wales and the Scotch Highlands, there is one thing which our Society can do, and that is to insist upon pronouncing our Irish names properly....

I shall not give any more examples of deliberate carelessness, ineptitude, and West-Britonising in our Irish topography, for the instances may be numbered by thousands and thousands. I hope and trust that where it may be done without any great inconvenience a native Irish Government will be induced to provide for the restoration of our place-names on something like a rational basis."⁶

Ach ní bhraithim aon rian de thuiscintí seo Dhúghlas de hÍde ar léamh Bhrian Friel ar an scéal.

⁶ Breandán Ó Conaire (eag.), *Language, Lore and Lyrics*, Irish Academic Press, Baile Átha Cliath, 1986, lgh 166-7.

Taighde

Ba é an fear ildánach úd P. W. Joyce a chuir bonn faoi thaighde nua-aimseartha logainmneacha na hÉireann i sraith foilseachán cuimsitheach sa dara leath den aois seo caite. Dhein sé scagadh fforshlachtmhar ar na príomheilimintí a bhí le tabhairt faoi deara sna hainmneacha ar na haonaid riaracháin (273 bharúntacht, 2,428 bparóiste sibhialta agus 62,000 éigin baile fearainn) ba mhó ba chúram do lucht na Suirbhéireachta Ordanáis. Bhí eolas domhain ar an nGaeilge aige agus thóg sé dáileadh leathan na n-ainmneacha ar fud na tíre san áireamh. Thug sé aird ar leith ar thaobh na staire den scéal, claonadh a bhí ina lúf go hiomlán le spéis scoláirí a linne ón iliomad réimse léinn (ceapadh san am gurbh ionann focal a rianú siar chuig a fhréamh agus a úsáid bhunaidh, a "fhórbhrí" a aimsiú). Pé scéal é, chaith an Seoigheach oiread sin dua lena shaothar agus chuir i gcrích le hoiread sin slachta é go maireann a thábhacht go dtí an lá atá inniu ann. Tá á dheimhniú seo le fáil ach bualadh isteach sna siopaí leabhar mar a bhfuil an leabhrán breá eolgaiseach dá chuid, *Irish Local Names Explained*, a foilsíodh ar dtúis breis agus céad bliain ó shin, á choimeád i gcló i gcónaí ag Fred Hanna Limited. Go deimhin, is iontaofa go mór d'fhoinsé eolais é *Irish Local Names Explained* ná formhór na leabhrán eile a fhoilsítear gan puinn de dhua na scoláireachta á leanúint, agus a fhéachann le dallamullóg a chur ar thurasóirí agus ar ghnáthphobal na tíre araon.

Chloígh formhór na saothar logainmneacha a lean é leis an lorg a bhí rianaithe ag P. W. Joyce, cuirim i gcás

An Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha), *Triocho-céad Chorca Dhuibhne* (Comhlucht Oideachais na hÉireann Teor. agus An Cumann le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath, 1939);

P. Canon Power, *The Place-Names of Decies* (Cork University Press, Corcaigh, 1952);

Liam Price, *The Place-Names of County Wicklow I-VII* (Dublin Institute for Advanced Studies, Baile Átha Cliath, 1945-67).

Tá dúshlán saothair i bhfad níos uailmhianaf á thabhairt ag Breandán Ó Cíobháin in *Toponomia Hiberniae I-IV* (An Foras Duibhneach, Baile Átha Cliath, 1978-85) a leathnafonn an líon go dtí na "mion"ainmneacha go léir, faoi mar a thugtar orthu, nach ainmneacha riaracháin iad. Ceithre bharúntacht de chuid Chontae Chiarraí atá cfórtha go dtí seo.

Is díol mór suime ar go leor bealaí an saothar taitneamhach úd, *The Living Landscape. Kilgalligan, Erris, County Mayo* (Comhairle Bhéaloideas Éireann, Baile Átha Cliath, 1984) a scríobh Séamas Ó Catháin (béaloideasóir) agus Patrick O'Flanagan (tíreolaí) i bpáirt. Is amhlaidh a n-éiríonn leo mionanailís a dhéanamh ar logainmneacha an aon bhaile fearainn amháin seo in iarthuaisceart Chontae Mhaigh Eo, á suíomh ina dtimpeallacht fhisiciúil agus á nascadh le hoidhreacht chultúrtha mhuintir na háite.

Ar ndóigh, tuigeadh le fada nárbh fhéidir an logainmníocht — ach oiread leis an bhfoclóireacht — a chur chun cinn gan foireann comhoibríthe a bheith ag saothrú leo ar feadh na mblianta. Is ar an ábhar sin a bhunaigh an Rialtas *An Coimisiún Logainmneacha* sa bhliain 1946 agus a tosaíodh ar fhoireann lánaimseartha a cheapadh do *An Oifig Logainmneacha* sna caogaidí. Rannóg de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis ár linne is ea An Oifig Logainmneacha, agus é de chúram uirthi leaganacha cruinne Gaeilge a sholáthar de na hainmneacha a thagann i gceist in obair léarscáilíochta agus eile na Suirbhéireachta Ordanáis. Chuir Oifig na Logainmneacha *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* ar fáil (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1969) agus tá leagan nua de seo, a thógann san áireamh príomhghnéithe aiceanta na tíre, ullmhaithe acu agus díreach foilsithe ag Oifig an tSoláthair faoin teideal *Gasaitéar na hÉireann/Gazetteer of Ireland*. Tá leabhar miontaighde ar logainmneacha Chontae Luimnigh sna sála air seo agus tá leabhair ar chontaetha eile ullamh le cur chuig na clóidóirí chomh maith. Dá bhféadfaí acmhainní ríomhaireachta agus próiseálaithe focal ár linne a chur faoi adhastar don saothar seo, thiocfadh claoclú thar oíche ar chuimsitheacht agus ar

iontaofacht an eolais i dtaobh na logainmneacha a bheadh ar fáil. Tar éis breis agus céad bliain dianoire, b'fhéidir sos a thabhairt do leabhair an cheannródaí P. W. Joyce.

Dúshlán na huaire

Ba mhaith liom casadh anois go dtí an staid phraiticiúil riaracháin sa lá atá inniu ann. Is iad na hainmneacha áite atá i réim go hoifigiúil i gcónaí ná na cinn ar tugadh séala an aitheantais oifigiúil dóibh faoin tSuirbhéireacht Ordanáis san aois seo caite. Tá curtha go mór ag saothair Joyce agus a lucht leanúna leis an tuiscint atá againn ar chúlra stairiúil agus ar shaghas na logainmneacha seo. Tá iarracht chomhordaithe sa siúl le tacaíocht an Stáit le 30 bliain anuas d'fhonn teacht ar cheartfhoirmeacha bunaidh Gaeilge logainmneacha na hÉireann, cé nach bhfuil a thoradhsan ach ag teacht chun soiléireachta don phobal i láthair na huaire. Go deimhin, tá tionscadal cúig bliana faoi lánseol ag an Roinn Comhshaoil i mBéal Feirste chomh maith, d'fhonn leaganacha údarásacha Gaeilge de na logainmneacha a sholáthar sa taobh sin. Tá toradh breá air seo ar fáil cheana féin, mar atá, Ordnance Survey of Northern Ireland, *Éire Thuaidh. Ireland North. A Cultural Map and Gazetteer of Irish Place-Names* (Department of the Environment, Béal Feirste, 1988).

Is léir, áfach, nach bhfuil socruithe uileghabhálacha lánsásúla á ndéanamh abhus féin chun an tairbhe chuí uile a bhaint as an dul chun cinn inár n-eolas ar ainmneacha Gaeilge na tíre. Tá sé le tabhairt faoi deara leis go bhfuil fórsaí láidre ag cumadh ainmneacha do na heastaí nua tithíochta atá beag beann ar an ngné dhúchais den réimse seo timpeallachta.

An staid oifigiúil

Tá na rialacháin seo a leanas de chuid an Aire Rialtais Áitiúil i bhfeidhm faoi Ionstraim Reachtúil Uimh.171 de 1962, *Ná Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha), 1962, Cuid II,*

Rialacháin maidir le Síneacha Trácht de bhun Ailt 95 den Acht, Caibidil I, Síneacha Eolais:

"3. (2) Taispeánfar logainmneacha i litreacha Rómhánacha i nGaeilge agus i mBéarla agus más ionann litriú don logainm sa dá theanga ní gá don inscribhinn a bheith ar an sín ach uair amháin."

Leasafodh na rialacháin seo faoi réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 164 de 1970, *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Leasú)*, 1970, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (2):

"(2) (a) Faoi réir forálacha fhomhfr (b) taispeánfar logainmneacha i litreacha Rómhánacha i nGaeilge agus i mBéarla agus más ionann an litriú don logainm sa dá theanga ní gá ach inscribhinn i nGaeilge a bheith ar an sín.

(b) I limistéar a mbeidh sé cinnte le hordú faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 (Uimh. 21 de 1956) gur limistéar Gaeltachta é is i nGaeilge amháin a bheidh na logainmneacha sa limistéar sin."

Ghlac Tithe an Oireachtais le *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)*, 1973. *Place-Names (Irish Forms) Act, 1973* (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1973, Uimhir 24 de 1973). Is é rud a bhí anseo ná

"Acht á údarú don Aire Airgeadais foirmeacha Gaeilge logainmneacha a shonrú chun críocha dlí agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe eile a bhaineann leis an nRéamhráite. (21 Samhain, 1973.)"

Tar éis don Aire Airgeadais comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha agus an chomhairle sin a bhreithniú tá cead aige ordú logainmneacha a dhéanamh á dhearbú gurb é X is iontamhail i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe, ach an t-ordú a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas taobh istigh d'achar áirithe. Is mar seo a leanas a bheachtáítear an staid dhlíthiúil:

"3. (1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú logainmneacha gurb é nó gurb iad is iontamhail i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad dlíthiúil, mura léir a mhalairt

d'intinn, é nó iad a bheith ar chomhbhrf agus ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an logainm a bheidh sonraithe amhlaidh."

Tugadh an t-aitheantas seo do na leaganacha Gaeilge a cuireadh ar fáil in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist, 1969*, faoi Ionstraim Reachtúil Uimhir 133 de 1975 dar theideal, *An tOrdú Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimh. 1) (Postbhailte) 1975*.

Mar sin leathchéad bliain tar éis bhunú an Stáit is ea a cuireadh bonn dlí faoi leaganacha Gaeilge dár logainmneacha, ach féach gur fágadh an tosach tagartha ag an leagan Béarla i gcónaí.

Nuair a bhí an Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil, ag cur *Moltaí. Recommendations* chun cinn sa bhliain 1985 d'fhéach siad leis an saothar a bhí rompu a rianú, faoi mar a mhíneadh an Cathaoirleach, an tOllamh Máirtín Ó Murchú, ina Bhrollach:

"measann an Grúpa Stiúrtha, chun go mbeadh éifeacht le a gcuid moltaí, nár mhór dóibh díriú ar dtús ar dhúshraith stóinsithe de shocrúithe eagrafochta a leagadh síos," (*ibid.*, lch 3)

Dhearbhaigh an Grúpa Stiúrtha an tábhacht a bhí á cur acu féin leis na logainmneacha, maidir le "Comharthaí treocha (comharthaí fáisnéise)" de:

"Is iad na logainmneacha an fhianaise chomhaimseartha is deimhníthí dá bhfuil ann ar shinsearthacht ghaelach an phobail agus ba chóir, dá bhrí sin, go léireofaí meas agus tuiscint orthu i gcomharthaí bóthair agus i bhfógraí poiblí eile. Ba chóir an leagan Gaeilge a thaispeáint ar an slí a b'éifeachtaí a b'fhéidir.

...Tá ardmheas ag an nGrúpa Stiúrtha ar dhreach na gcomharthaí nua bóthair ach molann siad go bhféachfaí, i bhfad na haimsire, le leagan nua a dheardh a bheadh níos éifeachtaí sholáite fós agus a dheimhneodh cuid súl níos mó don fhoirm Ghaeilge.

I gcás fógraí faoi shéadchomharthaí náisiúnta, agus faoi áiteanna a bhfuil stairiúlacht nó áilleacht ar leith ag baint leo 7rl., measann an Grúpa Stiúrtha nach miste in aon chor go mbeadh na fógraí sin ag réiteach i bhfoirm agus i bhfíoríal le na gnáthfhógraí bóthair."

(*ibid.*, lgh 4-5)

Ar ndóigh, ba chuid iad na moltaí seo i dtaobh logainmneacha de mholtaí cuimsitheacha a bhain le réimsí go leor eile de theagmháil na n-údarás áitiúil leis an bpobal. Ba iad sin cinnteidil litreacha; suaitheantais agus noda teidil; fógraí poiblí: comharthaí rabhaidh agus treo (comharthaí rialaitheacha) ar bhóithre; foirmeacha; agus gnáis faoi úsáid teanga, idir ainmneacha pearsanta agus rogha teanga, go háirithe i gcomhfhreagras.

Ag clof dúinn le logainmneacha ar chomharthaí bóithre agus sráide, áfach, is ríléir gur feidhm thánaisteach go maith atá ag an leagan Gaeilge i láthair na huaire. Ach comparáid a dhéanamh idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla, cítear go mbíonn na litreacha Gaeilge níos lú, go mbíonn siad níos tanáí agus go mbíonn siad claonta i leataobh. An bhfuil sé i gceist mar sin go soláthróidís eolas na slí faoi mar a dhéanann an leagan Béarla? Más ea, cén fáth gur ghá don Ghaeilgeoir a bheith i bhfad níos cóngaraí do chomharthaí ná an Béarlóir? An bhfuil ráta níos airde timpistí ag Gaeilgeoirí dá bharr seo, nó an gcaitheann ár bhformhór spéaclaí chun teacht roimh an deacracht? Dealraíonn sé go bhféachtar ar an leagan Gaeilge mar dhimínsean breise eolais chúlra a cheanglaíonn an leagan Béarla de logainm lena bhunainm Gaeilge. Tá an aidhm seo féin fiúntach, gan amhras, agus is mór an dul chun cinn atá sa script thanaí chlaonta féin ar na litreacha bídeacha a bhí i réim rompu. Ach is cinnte nach bhfuil an staid sásúil go fóill.

Na heastáit nua tithíochta

Ós ag trácht thar ghnéithe neamhshásúla de thimpeallacht logainmneacha ár linne atáimid, níor mhiste casadh anois ón gcúram atá á dhéanamh againn den oidhreacht logainmneacha atá

tagtha anuas chugainn agus aghaidh a thabhairt tamall ar an timpeallacht nua logainmneacha atá á cruthú thart timpeall orainn agus a fhágfaimid féin mar oidhreacht logainmneacha ag na glúnta a thioctaidh inár ndiaidh.

Ligtear cead a gcinn le tógálaithe tithe príobháideacha maidir le hainmniú eastát agus sráideanna i láthair na huaire. Agus is gnách go mbronnann siad fait accompli ar na háisín-teachtaí pleanála. Is minic a bhíonn na hainmneacha eastát agus sráideanna a roghnaíonn na tógálaithe i gcló ar bhróisiúir thaibhsiúla acu an tuisce a chuireann siad isteach ar an gcead pleanála. Bíonn a thoradh seo le feiceáil ar fhógraí na nuachtán seachtain i ndiaidh seachtaine. Feicimid d'fógraí de shaghas *Hadleigh, Hampton, Wesbury* agus *Westminster* ag ceangal le bailc de shórt *Copse, Court, Downs* agus *Mews* chun claoclú nua Gallda a chur ar bhailte agus ar chathracha na tíre.

Ba cheart go mbeadh córas struchtúrtha poiblí ann a dhéanfadh cúram de cheapadh agus de chur i bhfeidhm na n-ainmneacha nua eastát agus sráide, dar liom. Ní hé meon an dul chun cinn atá le bascadh, ná níor cheart srian a chur le hathrú agus le hathnuachan, ach teastaíonn córas a bheadh bunaithe ar phlé agus ar chomhairle, córas a chothódh ainmneacha a d'fhreagródh do thimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta ár n-eastát nua. Is é an tábhacht a bhaineann le logainmneacha ná go nascann siad an pobal lena dtimpeallacht. Ach is ag iompó an phobail óna dtimpeallacht a bhíonn mórchuid d'ainmneacha an lae inniu: ní insíonn siad faic dóibh mar gheall ar chomhdhéanamh fisiciúil ná stairiúil an cheantair. Is é foróin an scéil ná go bhfuil an truailliú logainmneacha seo ag bailiú luais fad agus atá torthaí taighde 30 bliain na hOifige Logainmneacha ar tí sinn a dhéanamh níos eolgaí ná riamh i dtaobh bhunús ár gcuid logainmneacha.

Ba chóir go dtabharfaí a ionad cuí sa phróiseas pleanála d'ainmniú áiteanna. Ba cheart go bhféadfadh tógálaithe, staraithe áitiúla, saineolaithe logainmneacha agus ionadaithe poiblí a bheith rannpháirteach i gceapadh ainmneacha nua. Tá an timpeallacht logainmneacha róthábhachtach dúinn go léir chun go bhféadfadh faoi

lámh aon ghrúpa amháin é. Ar ndóigh, ní raibh na fadhbanna Galldaithe seo ag baint leis na hainmneacha ar scéimeanna tithfochta de chuid na n-údarás áitiúil, go dtí le déanaf, pé scéal é.

Treoir oifigiúil

Meabhrafmis go bhfuil treoir oifigiúil tugtha cheana féin i dtaobh na ceiste seo. D'eisigh an Roinn Rialtais Áitiúil ciorclán dar theideal *Logainmneacha dúchasacha a choinneáil in ainmniú bóithre nua 7rl.* (F. 241/3. F. 11/77), 14 Iúil, 1977, mar a leanas:

"Tá ordaithe dom ag an Aire Rialtais Áitiúil a rá go bhfuil curtha in iúl dó ag an Choimisiún Logainmneacha go bhfuil siad inmíoch faoin chaoi ina ligtear i léig seanainmneacha dúchasacha tré gan iad a úsáid in ainmniú bóithre agus sráideanna i gceantair nua-fhorbartha. Is mian leis an gCoimisiún go gcoimeádfad beo na logainmneacha stairiúla seo tré a leithéid a úsáid. Is cúis inmí dóibh na seanainmneacha seo a bheith á múchadh i bhfabhar ainmneacha nuachumtha nach bhfuil baint acu leis an gceantar.

Tá an tAire ar aon intinn leis an gCoimisiún faoi cheist seanainmneacha dúchasacha a choinneáil agus is mian leis a iarraidh ar na húdaráis áitiúla a ndéanadh dhéanamh chun a fháil amach céard iad na logainmneacha traidisiúnta a bhaineann le gach áit atá á fhorbairt d'fhonn iad a úsáid in ainmniú bóithre agus sráideanna nua."

Tá soiléiriú oifigiúil breise tagtha ón Rialtas ó shin. D'eisigh an Roinn Comhshaoil an ciorclán dar theideal *Ainmniú Sráideanna agus Bóithre, Uimhriú Tithe agus Úsáid na Gaeilge* (F. 2/86), 3 Feabhra, 1986, mar seo a leanas:

"Tá ordú agam ón Aire Comhshaoil a chur in iúl go bhfuil gearáin fós á fháil aige i dtaobh ainmniú sráideanna agus bóithre, uimhriú tithe agus soláthar ainmplátaf feiliúnacha do bhóithre sna bailte. Is mian leis go n-ainmneofad

sráideanna agus bóithre agus go gcuirfí uimhreacha ar thithe i scéimeanna tithfochta chomh luath agus is féidir, i rith na tógála....

Iarrtar ar údaráis áitiúla leagan amach dhátheangach a úsáid le haghaidh ainmplátaf bóithre i scéimeanna nua tithfochta agus nuair atá ainmplátaf nua á chur suas in áit seanchinn, más i mBéarla amháin atá siad faoi láthair. Ba chóir logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar, nuair atá ainmneacha á roghnú le haghaidh scéimeanna nua tithfochta. Dá ndéanfadh údaráis áitiúla amhlaidh, bheadh siad ag cuidiú le caomhnú logainmneacha stairiúla.

Iarrtar ar údaráis áitiúla freisin an leagan ceart Gaeilge a chur ar fáil de ainmneacha sráideanna, de bhóithre agus de cheantair cónaithe i limistéar an údaráis. Chuideodh sé seo leis na seirbhísf poist agus le daoine ar mian leo seoltaf poist Gaeilge a úsáid. Ba chóir aire speisialta a thabhairt go bhfuil na leaganacha Gaeilge ceart ó thaobh litriú agus gramadaf de.

Thug an Coimisiún Logainmneacha le fios don Aire go bhfuil siad sásta comhairle a thabhairt do údaráis áitiúla faoin bhfoirm cheart Ghaeilge de logainmneacha."

Shoiléirigh an Oifig Logainmneacha, Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, an tsli ab fhéidir leo an chabhair seo a thabhairt ina gclócláin féin chuig gach bainisteoir contaebhuirge, rúnaí contae agus cléireach baile dar theideal *Ciorclán F 2/86 ón Aire Comhshaoil*, 25 Márta, 1986, agus *An dara hiarratas*, 23 Deireadh Fómhair, 1986:

"Go praiticiúil, is í an Oifig Logainmneacha sa tSuirbhéireacht Ordanáis faoi chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha a thabharfaidh an chomhairle sin. Mar gheall ar nádúr logánta a lán de na hainmneacha a thiofadh i gceist, ámh, bheadh tábhacht ar leith le heolas áitiúil mar thacafocht le cumas taighde na hOifige. Dá bhrí sin, iarrann an Oifig Logainmneacha ar an údarás agatsa duine (nó

cumann) a ainmniú a mbeadh an t-eolas cúf aige ar stair agus ar thraidisiúin dúiche an údaráis, mar aon le heolas ar an nGaeilge. Chun tús a chur leis an obair d'fhéadfadh an duine nó an cumann sin foirmeacha sealadacha Gaeilge a sholáthar don údarás ar bhonn an eolais sin.

Go háirithe, ba chóir don té a d'ainmneodh an t-údarás aird a thabhairt ar na gnéithe seo leanas:

(i) na heilimintí sna hainmneacha áitiúla ar logainmneacha iontu féin iad (is cóir iad seo a liostáil agus an suíomh a thabhairt go cruinn);

(ii) eolas oiriúnach a bhaineann le sloinne áitiúla (mar shampla, i gcás ainm mar *Green St.*, n'fóir léir ón ainm féin cé acu (a) faiche, nó (b) dath — uaithne, glas — nó (c) sloinne é *Green*, agus más sloinne é, cé acu *Sráid Uí Uaithne*, *Sr. Uí Uaithnín*, *Sr. Uí Ghlaisne*, *Sr. Mhic Glaisín*, *Sr. Mhic Giolla Ghlais*, *Sr. an Ghraoinigh*, *Sr. an Ghrian(n)aigh*, *Sr. Mhig Reannacháin*, nó fiú *Sr. Uí Fhathaidh*, ba chuirte (mar d'fhéadfadh aon cheann d'fobh siúd a bheith ceart de réir a shuímh) — is ag muintir na háite is fearr a bhíonn an t-eolas seo de ghnáth;

(iii) eolas a bheadh teoranta don cheantar, mar shampla, focail neamhghnácha, eachtraí staire nó traidisiúin áitiúla, etc.

Úsáidfidh an Oifig Logainmneacha na foirmeacha sealadacha agus an t-eolas a chuirfidh an t-údarás ar fáil di, mar aon le comhairle ó Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais faoin téarmafocht chuí, chun foirmeacha oiriúnacha Gaeilge a dheimhniú."

Cur chuige cuimsitheach de dhíth

Tá fochoiste den Choimisiún Logainmneacha ag comhoibriú le hoifigigh de chuid Bhardas agus Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath le cúpla bliain anuas d'fhonn teacht ar shocruithe cúf chun déileáil leis na fadhbanna a éiríonn nuair a bhíonn comhordú le

déanamh ar réiteach leaganacha Gaeilge d'ainmneacha sráide agus chun a dheimhniú go gcuirtear na leaganacha a bhíonn socraithe in airde gan bhotúin ar na hainmhlátaf, nó na comharthaí sráide, más fearr le daoine an seantearma. Tuigtear anois go dteastaíonn socruithe den saghas seo a leanas sular féidir an cúram tábhachtach seo a chur i gcrích go slachtmhar:

(i) Córas cinnte a bhunú chun a dheimhniú go seiceáiltear na leaganacha Gaeilge de na sráidainmneacha sula gcochtar iad (.i. an fhreagracht a bheith ar oifigeach áirithe a mbeadh an scil aige/aici);

(ii) Liostaí iomlána Gaeilge/Béarla, Béarla/Gaeilge a choimeád suas chun dáta agus a fhoilsiú go rialta;

(iii) Treoirí nte i dtaobh na bpointí gramadaí is coitianta a thagann i gceist nuair a bhíonn na leaganacha Gaeilge le socrú. Tá an fochoiste úd de chuid an Choimisiúin Logainmneacha a luadh thuas i mbun an ghnó seo i láthair na huair agus ní fada go mbeidh torthaí a gcuid oibre ar fáil do na húdaráis áitiúla ar fud na tíre agus don phobal i gcoitinne.

Trí easnamh mhóra

Cé go bhfuil saothar go leor déanta i ngort seo na logainmneacha agus cuid mhór eile idir lámha i láthair na huair, ní mór aird a tharraingt ar thré easnamh mhóra, trí easnamh lámacha, atá ann i gcónaí, dar liom:

(i) Ní féidir glacadh leis na comharthaí bóthair a bhfuil ionad tánaisteach ag an nGaeilge orthu ach mar shocrú eadramhach.

(ii) Ní mór liostaí Gaeilge/Béarla agus Béarla/Gaeilge d'ainmneacha sráide srl. a bheith ar fáil ag áisínreachtaí stáit agus ag an bpobal i gcoitinne sularbh fhéidir puinn feidhme praiticiúla a bhaint as na leaganacha Gaeilge.

(iii) Ní mór liostaí mar seo a bheith ag gabháil leis na léarscáileanna a eisíonn an tSuirbhéireacht Ordanáis.

Agus ar ndóigh, ba cheart go mbeadh na leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre le feiscint ar na léarscáileanna céanna. Má fhéachtar ar léarscáileanna oifigiúla Ordanáis as Albain, as an mBreatain Bheag agus as Sasana, cfeair gur mór idir iad agus na cinn Éireannacha. Caomhnafonn an léarscáil Ordanáis den Eilean Sgiathanach mórchuid logainmneacha Gàidhlig, díreach faoi mar a dhéanann an léarscáil de Snowdonia i gcás na Breataine. Is mór idir shaibhreas na logainmneacha i ndúiche Stratford-upon-Avon Shakespeare agus na leaganacha truaillithe a fhoilsímidne d'áit chomh stairiúil le Teamhair féin. Nach bhfuil sé fóronta go bhfuil leaganacha Gaeilge de logainmneacha Chontae Dhún na nGall le fáil ar an léarscáil bhreá dhátheangach, *Éire Thuaidh. Ireland North. A Cultural Map and Gazetteer of Irish Place-Names* a d'fhoilsigh an Department of the Environment for Northern Ireland (Béal Feirste, 1988), mar a bhfuil liostaí Gaeilge/Béarla, Béarla/Gaeilge de na hainmneacha go léir atá ar an léarscáil, agus nach bhfuil a leithéid ar fáil ó Bhaile Átha Cliath?

Sea, tá bealach fada go leor romhainne fós sula mbeidh (i) athghabháil déanta againn ar an gcuid fhíorshaibhir úd d'oidhreacht ár dtimpeallachta atá snaidhmthe leis na logainmneacha a tháinig anuas chugainn agus (ii) an cúlra seo á cheangal go beo againn leis na logainmneacha atá á gcruthú i láthair na huair.

Ní bheidh an scéal ina cheart againn go dtí go mbeidh na leaganacha Gaeilge dár logainmneacha ceangailte athuair lena dtimpeallacht, iad le feiscint go soiléir agus go slachtmhar ar liostaí, ar chomharthaí bóthair agus ar léarscáileanna, sa tslí nach bhféadfadh Cú Chulainn féin agus a thiománaí Laogh dul amú dá mbeidís ag iarraidh an taobh tíre a bhreithniú arís ó Loch Eachtra, nó ag iarraidh triall ar Mhaigh Bhreagh, ar Theamhair nó ar Cheanannas na Mí.

Nótaí

(1) Is é rud atá i dtéacs an phaimfléid seo ná leagan athchóirithe de léachtaí a tugadh ag an seimineár dar théama "Timpeallacht agus Teanga", a d'eagraigh An Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil, Gaoth Dobhair, 30 Meán Fómhair, 1989, agus ag seimineár de chuid Plé, faoi scáth Chomharchumann Pobal Teoranta, Baile Átha Cliath, 5 Nollaig, 1989.

(2) Tá liosta fairsing léitheoireachta a réitigh an t-údar, *Ainmneacha Pearsanta, Sloinnte, Logainmneacha na hÉireann. Foinsí Eolais*, le fáil ar 50p. ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 7 Ceamóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Aistí Éireann

Lasair 2, Aistí ar Lukács, Ó Cadhain, polaitíocht teanga agus an CEE. £1.00.

Lasair 3, Aistí ar thaistealaí "Froebalach", Lukács, miotais na nAontachtóirí, smachtú daonra agus teanga an phobail. £1.00.

Cuireadh chun na Tríú Réabhlóide le Deasún Fennell.
Aiste daonnachais a d'eascair as smaointeachas i dtaobh 1916 agus ar lean é. £1.00.

Gaineamh agus Gaoth le Éamon Ó Deagha.
Údar atá ag ceistiú "Cá bhfuil ár dtriail mar Ghaeil?" £1.50.

Pobal na Gaeilge: Oidhrí agus Ceanróadaithe
le Liam Mac Mathúna.
Taighde cúramach agus moltaí praiticiúla ar cheist na teanga sa domhan ina bhfuilimid. £2.00.

An Duine, Córais Pholaitiúla agus Éire I le Niall Ó Cearbhaill.
An chéad chuid de mhórshaothar ina n-úsáidtear modhanna na hinnealtóireachta agus scafall na fealsúnachta i dtreo tuisceana ar an riocht ina bhfuil muid. £5.00.

Cúis Náire agus Bróid le Risteárd Ó Glaisne.
Insint chuimsitheach ar an gcoimheascar ar son cearta teanga — go háirithe sa Ghaeltacht ó thuaidh. £5.00.

An Ghaeltacht Oifigiúil agus 1992 le Nollaig Ó Gadhra.
Smaointeoireacht chothrom neamh-leithscéalach atá sa leabhar tráthúil seo a bhaineann an dalladh púicín dár súilibh. £5.00.